Aindí Amaideach

Seanscéal ó Shasana

Leathanach bán

Aindí Amaideach

Seanscéal ó Shasana

Uair amháin, bhí fear iontach saibhir ann a raibh iníon álainn aige.

Ach, an iníon álainn seo, ní raibh caint aici, agus ní fhéadfadh sí gáire a dhéanamh. Na dochtúirí ab fhearr sa tír, tháinig siad a amharc uirthi, agus ba é an rud a dúirt siad, "An cailín álainn seo, níl caint aici ar an ábhar nach dtig léi gáire a dhéanamh. Dá dtiocfadh le duine éigin gáire a bhaint aisti, bheadh sí ábalta labhairt."

Labhair an fear saibhir, "Má tá fear ar bith ann a dtig leis m'iníon a chur a gháire, bhéarfaidh mé mála airgid agus mála óir dó."

Ina dhiaidh sin, tháinig céad fear agus rinne iarracht iníon an fhir shaibhir a chur a gháire, ach theip ar gach aon fhear acu.

Anois, bhí coimín sa taobh sin tíre, agus ar imeall an choimín seo bhí bothán beag tuaithe, agus sa bhothán seo bhí baintreach bhocht ina cónaí lena mac.

I rith an lae bhíodh an bhean bhocht ina suí ag sníomh, ach an mac, ní dhéanfadh sé dada.

Sa tsamhradh, shuigh sé faoin ghrian gan a dhath a

dhéanamh, agus sa gheimhreadh, shuigh sé cois tine gan a dhath a dhéanamh. Aindí Amaideach a thug gach duine air.

Sa deireadh, d'éirigh an bhean bhocht tuirseach de.

"Is mithid duitse obair éigin a dhéanamh," ar sise.

"Imigh anois leat anonn an coimín agus faigh rud éigin le déanamh."

Maidin lá arna mhárach, d'imigh Aindí leis anonn an coimín, agus níorbh fhada gur casadh feirmeoir dó.

"Tá mé ag iarraidh duine leis na muca seo a thiomáint," arsa an feirmeoir. "Má dhéanann tú sin dom, tabharfaidh mé pingin duit."

Thiomáin Aindí muca an fheirmeora, agus i ndeireadh an lae, thug an feirmeoir pingin gheal úr dó. Choinnigh Aindí Amaideach an phingin ina lámh agus rith sé leis chun an bhaile.

Shiúil Aindí a fhad le sruthán, áit a bhfaca sé iasc óir agus iasc airgid san uisce. Ach nuair a thriail sé iasc a cheapadh, thit an phingin amach as a lámh agus isteach in uisce an tsrutháin.

Nuair a shroich sé an baile, d'inis sé dá mháthair cad é a tharla.

"A amadáin bhoicht!" arsa a mháthair. "Ní sin an dóigh

le pingin a iompar. Ba cheart duit í a chur i do phóca agus rith chun an bhaile. Anois, ná déan dearmad de sin."
"Maith go leor," arsa Aindí Amaideach, "ní dhéanfaidh."
An lá ina dhiaidh sin, d'imigh Aindí anonn an coimín, agus níorbh fhada gur casadh fear dó a raibh sé bhó aige.
"Tá mé ag iarraidh duine le mo chuid bó a bhleán," arsa an fear. "Má bhlíonn tusa mo chuid bó dom, bhéarfaidh mé crúiscín de bhainne úr duit."
Bhligh Aindí Amaideach na ba, agus i ndeireadh an lae, thug an fear crúiscín de bhainne úr dó.
"Cad é seo a dúirt mo mháthair liom?" arsa Aindí Amaideach leis féin. "Dúirt sí liom é a chur i mo phóca agus rith chun an bhaile."
Chuir sé an crúiscín de bhainne úr ina phóca agus rith sé chun an bhaile."
Ach nuair a shroich sé an baile, bhain a mháthair an crúiscín amach as a phóca agus ní raibh aon deoir amháin de bhainne fágtha ann.
"A amadáin bhoicht!" arsa a mháthair. "Ní sin an dóigh le crúiscín bainne a iompar. Ba cheart duit é a chur ar do cheann agus siúl go fadálach chun an bhaile. Anois, ná déan dearmad de sin!"
"Maith go leor," arsa Aindí Amaideach, "ní dhéanfaidh."

An treas lá, d'imigh Aindí Amaideach anonn an coimín, agus roimh i bhfad casadh bean an fheirmeora dó.
"Tá mé ag iarraidh duine leis na cearca a bheathú," arsa bean an fheirmeora. "Má dhéanann tú sin dom, tabharfaidh mé cáis bhog úr duit."
Bheathaigh Aindí Amaideach na cearca, agus i ndeireadh an lae thug bean an fheirmeora cáis bhog úr dó.
"Cad é seo a duirt mo mháthair liom?" arsa Aindí Amaideach leis féin. "Dúirt sí liom í a iompar ar mo cheann agus siúl chun an bhaile go fadálach."
Chuir sé an cháis bhog úr ar a cheann agus shiúil sé chun an bhaile go fadálach faoi theas na gréine.
Ach, leáigh an cháis bhog úr le teas na gréine, agus nuair a chonaic a mháthair sin, ní róshásta a bhí sí.
"A amadáin bhoicht!" ar sise. "Ní sin an dóigh le cáis bhog úr a iompar. Ba cheart duit cáis bhog úr a choinneáil go cúramach i do lámha agus rith chun an bhaile. Cuimhnigh air sin feasta."
"Maith go leor," arsa Aindí Amaideach, "cuimhneoidh."
An ceathrú lá, d'imigh Aindí Amaideach leis anonn an coimín agus casadh coillteoir dó.
"Tá mé ag iarraidh duine le mo chuid brosna a cheangal," arsa an coillteoir. "Má cheanglaíonn tú mo bhrosna dom,

tabharfaidh mé sail adhmaid duit."
Cheangail Aindí Amaideach na brosna, agus i ndeireadh an lae thug an coillteoir sail adhmaid dó.
"Cad é seo a dúirt mo mháthair liom?" arsa Aindí Amaideach leis féin. "Dúirt sí liom í a choinneáil go cúramach i mo lámha agus rith chun an bhaile."
Choinnigh sé an tsail ina lámh agus rith sé chun an bhaile, ach bhí an tsail chomh trom sin gurbh éigean dó í a fhágáil ar thaobh an bhealaigh mhóir.
Nuair a chuala a mháthair fá dtaobh de seo, dhearg sí air.
"A amadáin bhoicht!" ar sise. "Ní sin an dóigh le sail adhmaid a iompar. Ba cheart duit í a cheangal le rópa agus í a tharraingt i do dhiaidh chun an bhaile. Anois, an mbeidh cuimhne agat air sin feasta?"
"Beidh," arsa Aindí Amaideach.
An cúigiú lá, d'imigh Aindí Amaideach anonn an coimín, agus casadh búistéir dó.
"Tá mé ag iarraidh duine le m'urlár a scuabadh," arsa an búistéir. "Má scuabann tusa m'urlár, bhéarfaidh mé duit leis uaineola."
Scuab Aindí Amaideach an t-urlár, agus i ndeireadh an lae, thug an búistéir leis uaineola dó.
"Cad é seo a dúirt mo mháthair liom?" arsa Aindí

Amaideach leis féin. "Dúirt sí liom í a cheangal le rópa agus í a tharraingt chun an bhaile i mo dhiaidh."
Agus cheangail sé an leis uaineola le rópa, d'fhág síos ar an talamh í, agus tharraing ina dhiaidh chun an bhaile í.
Nuair a chonaic a mháthair an leis uaineola clúdaithe le clábar agus le deannach, ar sise,
"Ar m'anam, gur tú an gasúr is bómánta ar domhan! Ní sin an dóigh le leis uaineola a iompar. Ba cheart í a ardú suas ar do ghualainn agus í a thabhairt chun an bhaile ar an dóigh sin. Anois, cuimhnigh thusa air sin feasta."
"Maith go leor," arsa Aindí Amaideach, "cuimhneoidh."
An séú lá, d'imigh Aindí Amaideach anonn an coimín agus casadh fear air a raibh ceithre asal aige.
"Tá mé ag iarraidh duine le mo chuid stáblaí a ghlanadh," arsa an fear seo leis. "Má ghlanann tú na stáblaí dom, tabharfaidh mé asal duit."
Ghlan Aindí Amaideach na stáblaí, agus i ndeireadh an lae, thug an fear asal dó.
"Cad é seo a dúirt mo mháthair liom?" arsa Aindí Amaideach leis féin. "Dúirt sí liom é a ardú ar mo ghualainn agus a thabhairt chun an bhaile ar an dóigh sin." D'ardaigh sé an t-asal ar a ghualainn agus shiúil sé leis chun an bhaile.

Leis sin, tháinig an fear saibhir agus a iníon álainn an bealach. Nuair a chonaic an iníon álainn Aindí Amaideach ag iompar an asail ar a ghualainn, thosaigh sí ag gáire. Agus, ar sise lena hathair,
"Amharc an gasúr amaideach sin agus asal mór gránna ar a ghualainn!"
Labhair an fear saibhir le hAindí, "Is tú an gasúr is cliste sa tír nó bhain tú caint agus gáire as m'iníon. Seo mála airgid, agus seo mála óir duit."
Thóg Aindí Amaideach an mála óir ina lámh dheas, agus an mála airgid ina lámh chlé, agus rith sé chun an bhaile chomh gear gasta agus a thiocfadh leis.
Nuair a chonaic a mháthair an t-airgead agus an t-ór, ar sise leis,
"Sin an dóigh cheart le málaí óir agus airgid a iompar. Bhí a fhios agam riamh, gur tú an gasúr is cliste ar domhan."

Leathanach bán

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning